An Roinn Oideachais
Department of Education

Nollaig 2023

# Nuachtlitir

ó Phríomhchigire na Roinne Oideachais



Is mise Yvonne Keating, an Príomhchigire sa Roinn Oideachais. Oibrímid don Rialtas agus don phobal, chun a chinntiú go bhfuil na deiseanna foghlama is fearr ag gach leanbh agus duine óg, bíodh siad i suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luathóige, nó i scoileanna. Leis an nuachtlitir seo cuirtear in iúl duit cad a dhéanann cigirí scoile agus cén chaoi a mbíonn ar gcuid oibre ina chabhair do scoileanna tacaíocht níos fearr a thabhairt do scoláirí cosúil leat féin.

*Yvonne Keating*

## Cad a dhéanann Cigirí na Roinne Oideachais?

Tugann foireann cigirí na Roinne Oideachais cuairt ar scoileanna, chomh maith le suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luathóige, chun a fháil amach conas a mhúintear scoláirí agus cé chomh maith agus atá rudaí ag obair iontu. Más gá aon rud a fheabhsú tabharfaimid comhairle don scoil faoi conas is féidir é seo a dhéanamh. Tugaimid cuairt ar an oiread scoileanna agus is féidir linn gach bliain agus roinnimid eolas leis an Roinn Oideachais, ionas gur féidir linn go léir oibriú i dtreo caighdeáin níos airde chun eispéireas foghlama na scoláirí a fheabhsú.



# Cad a tharlaíonn le linn cigireachta scoile?



Déanaimid cineálacha éagsúla cigireachtaí. Tógann cuid dár gcuairteanna dhá nó trí lá. Le linn na gcigireachtaí seo tugaimid cuairt ar sheomraí ranga chun breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim, agus chun labhairt le múinteoirí, príomhoidí agus daoine eile a bhfuil baint acu leis an scoil. Labhraímid le scoláirí freisin mar tá sé tábhachtach an méid atá le rá agaibh a chloisteáil.

Uaireanta déanaimid cigireachtaí níos giorra chun a fháil amach cad is gnáthlá ann do gach duine i scoil.

Tugaimid cuairt ar scoileanna chun a fháil amach conas a thacaítear le leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais bhreise acu, agus chun a chinntiú go bhfuil gach scoláire sábháilte agus cosanta ina n-áit foghlama.

## Tar éis ár gcuairte

Labhraímid le múinteoirí faoin méid a thugaimid faoi deara le linn cigireachta. Insímid dóibh cad atá ag obair go maith, agus tugaimid comhairle chun cabhrú le rudaí a dhéanamh níos fearr. Tar éis cuid dár gcigireachtaí scríobhaimid tuairisc faoi na rudaí a fuair muid amach. Is féidir leat cuid de na tuairiscí seo a fheiceáil ar ár láithreán gréasáin.

## Conas is féidir leat a bheith páirteach

Nuair a thugaimid cuairt ar scoileanna ba mhaith linn a chloisteáil faoi do thuairimí faoin scoil agus faoi d'eispéireas foghlama. B'fhéidir go n-iarrfaí ort suirbhé a líonadh isteach, nó a bheith mar chuid de ghrúpa fócais. Tá roinnt físeán agus bileoga déanta againn chun níos mó a mhíniú faoi cad a dhéanann cigirí agus cad a tharlaíonn le linn cigireachta.
Faigh amach anseo cén fáth go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh deis labhartha ag scoláirí cosúil leatsa.



Tá a fhios ag cigirí cé chomh tábhachtach is atá d'oideachas. Ba mhaith linn go mbeadh an t-eispéireas foghlama is fearr is féidir agat. Táimid ag súil go mór le casadh leat le linn ár gcuairteanna scoile agus do thuairimí a chloisteáil!

An Roinn Oideachais
Department of Education

Nollaig 2023

## Féinmheastóireacht scoile

Iarradh ar gach scoil machnamh cúramach a dhéanamh ar cé chomh maith agus a éiríonn leo rudaí a dhéanamh agus roinnt bealaí a roghnú inar féidir leo feabhsú; tugtar féinmheastóireacht scoile air seo. Is próiseas é ina mbíonn scoileanna ag tógáil ar a láidreachtaí agus ina ndéanann siad iarracht ansin rudaí a fheabhsú do scoláirí agus dá gcuid foghlama.



I mbliana, b'fhéidir go n-iarrfaidh do scoil ort suirbhé a líonadh isteach nó páirt a ghlacadh i bplé faoi rudaí éagsúla. Cuirfidh do chuid smaointe eolas ar fáil do cheannairí scoile faoi rudaí a bhfuil ag éirí go maith leo agus faoi rudaí is gá a fheabhsú.

Tuilleadh eolais anseo.

## Cá háit le tuilleadh eolais a fháil

**Suíomh gréasáin na Roinne Oideachais**
https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-oideachais/

**Eolas ar chigireacht do leanaí, daoine óga agus tuismitheoirí/caomhnóirí**
https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/4301a-guide-to-inspection/

**Tuairiscí cigireachta**
https://www.gov.ie/en/school-reports/

**Eolas i dtaca le féinmheastóireacht scoile**
https://www.gov.ie/ga/seirbhis/57c5f2-none/